Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta i gcomhair Vóta 40, iarrtar orm an Cuntas Leithreasa bliantúil i gcomhair an Vóta a ullmhú, agus an Cuntas a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas ceangailte den tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 maidir le tuarastail agus costais Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais a íoc lena n-áirítear deontais áirithe faoi scéimeanna teoranta airgid.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas le haghaidh na bliana.
(b) arna soláthar i gcomhair seirbhísí soláthair caipitil in 2016 amach as leithreasaí gan chaitheamh 2015, faoi na socruithe iarchurtha géillte arna leagan síos le halt 91 d'Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €48.465 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

## Ráiteas maidir le Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Is cuid den chuntas é an Ráiteas maidir le Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6. Cuireadh na gnáthbheartais agus gnáthphrionsabail chuntasaíochta i bhfeidhm chun cuntais leithreasa a chur le chéile nuair a bhí an cuntas á ullmhú cé is moite díobh seo a leanas:

***Dímheas***

Aistríodh an tsaoráid Coinneála Náisiúnta do Leanaí ag Baile an Oibricigh agus rinneadh talamh agus foirgnimh de in 2016. Tá an tsócmhainn á dímheas ag ráta 2% in aghaidh na bliana ar bhonn líne dírí thar an saolré ionchais measta.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Íoctar cistí le Pobal maidir le seirbhísí áirithe a sholáthar ar bhonn gníomhaireachta. Cuireadh an méid iomlán a íocadh le Pobal sa bhliain chun dochair i gcoinne na bhfocheannteideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.2).

## An Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Cuirtear an fhreagracht sin i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath ar bhealach caoithiúil. Is próiseas leanúnach é na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Tá an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais don Roinn Sláinte ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 40 sna réimsí maoinithe agus TF. Mar thoradh ar sin, leanann an Roinn Sláinte ag soláthar seirbhísí párolla (go Deireadh Fómhair 2016), na gcuntas agus TFC thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Tá an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ábhartha freisin ag glacadh leis go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 40 i réimsí maoinithe maidir le Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh.

Tá an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ábhartha freisin ag glacadh leis go soláthraíonn sí seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 40 sna réimsí párolla agus AD.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte chun seirbhísí párolla, cuntas, agus TFC a sholáthar; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le haghaidh seirbhísí maoinithe i dtaca le Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh do Leanaí; agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun Seirbhísí Comhroinnte AD agus Párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dheimhnithe ó Oifigigh Chuntasaíochta an Vóta don Roinn Sláinte, an Vóta don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne. In 2016, d'íoc an Roinn maoiniú €223 milliún le Pobal chuige sin (féach Nóta 6.2). Síníodh comhaontú seirbhíse idir an Roinn agus Pobal i mí Mheán Fómhair 2016. Soláthraíonn Pobal tuarascálacha ráithiúla don Roinn maidir le torthaí na gcuairteanna comhlíontachta a dhéanann sí.

Treoraíonn tuarascálacha ráithiúla Phobal plé bainistíochta inmheánaí agus bíonn siad mar bhonn cumarsáide freisin idir Pobal agus an Roinn maidir le comhlíonadh. Déanann Pobal líon beag iniúchtaí fíorúcháin ar sholáthraithe seirbhíse ina bhféachtar le deimhniú a fháil gur caitheadh an t-airgead deontais a soláthraíodh don chríoch beartaithe de réir rialacha an chláir agus coinníollacha an chonartha. Buaileann an Roinn agus Pobal le chéile gach mí chun cúrsaí a bhaineann le comhlíonadh a phlé.

Déantar íocaíochtaí níos mó ná na teidlíochtaí a aithníodh mar chuid de chlár iniúchta comhlíontachta agus fíorúcháin Phobal a thaifeadadh mar ró-íocaíochtaí agus lorgaíonn Pobal aisghabháil na suimeanna sin ón soláthraí seirbhíse. Ceartaítear formhór mór na ró-íocaíochtaí ach an leibhéal maoinithe do sholáthraithe seirbhíse a laghdú in íocaíochtaí ina dhiaidh sin. Taifeadann an Roinn aon suimeanna a fhaightear ar ais ó sholáthraí seirbhíse a bhaineann le bliain airgeadais roimhe sin mar fháltais bhreise státchiste. Déantar suimeanna a meastar nach féidir iad a fháil ar ais a dhíscríobh.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Bainistíocht Riosca***

Tá próiseas i bhfeidhm chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Is é an aidhm atá leis sin ná rioscaí a aithint agus a mheas agus cuntas a thabhairt ar bhearta chun na rioscaí a bhféadfadh an Roinn a bheith nochta dóibh a rialú agus a bhainistiú. Tá bainistíocht riosca ionchorpraithe sa timthriall pleanála gnó agus rinneadh measúnacht agus feabhas breise ar bhainistíocht riosca mar chuid den timthriall pleanála agus athbhreithnithe gnó in 2016. Chuige sin buaileann Bord Bainistíochta na Roinne le chéile ar bhonn ráithiúil mar choiste riosca.

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas ann i bhfeidhm:

- freagrachtaí airgeadais atá sannta ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal áit ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta
- nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna móra rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun m'fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh
- go gcuireann an bhainistíocht shinsearach sa Roinn a n-ainm le Ráiteas Dearbhaithe um Rialú Airgeadais maidir lena réimsí aonair freagrachta. Tá na Ráitis sin ar fáil domsa mar Oifigeach Cuntasaíochta chun bailchríoch a chur ar an gCuntas Leithreasa.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithroinnt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá á athbhreithniú go bliantúil ag an mbainistíocht shinsearach.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann agus disciplíní foirmiúla chun tionscadail a bhainistiú.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas chun ceannacháin a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. I rith 2016, soláthraíodh seacht gconradh arbh fhiú €713,065 iad gan próiseas iomaíoch.
    a) Measadh go raibh an réiteach sainaitheanta aonair is éifeachtaí ag cúig chonradh arbh fhiú €467,556 iad ag glacadh leis na seirbhísí speisialaithe a soláthraíodh
    b) Rinneadh conradh amháin arbh fhiú €138,000 é i ndiaidh próiseas tairisceana nár chruthaigh aon léirithe spéise
    c) Measadh go raibh conradh amháin ar bhfiú €107,509 ar an iomlán é riachtanach ag glacadh le taithí an chomhairleora roimhe sin i dtaca leis an mbonneagar TF riachtanach a fhorbairt agus na srianta ama criticiúla chun tacú le próiseas imscrúdaithe reachtúil.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le lucht pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Tá a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollaithe thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar suas tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Tá tacaíocht ag an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh ó ghnólacht príobháideach a úsáideann lucht pearsanra atá oilte go hiomchuí.

Feidhmíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi threoir agus faoi smacht an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Ard-Rúnaí. Buailim leis an gCeann Iniúchta Inmheánaigh agus le Cathaoirleach IAC go tréimhsiúil. Bíonn miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil IAC á bplé go rialta ag Bord Bainistíochta na Roinne.

Tháinig folúntas chun cinn i bpost Cheann an Iniúchta Inmheánaigh i mí Lúnasa 2016. Tosaíodh ar earcú Ceann Iniúchta Inmheánaigh gairmiúil lánaimseartha atá cáilithe ag deireadh 2016 agus rinneadh ceapachán i mí Iúil 2017. Idir Lúnasa agus Mí na Nollag 2016, rinne iniúchóir atá cáilithe go gairmiúil feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a chomhlíonadh agus é ag feidhmiú ar bhonn comhairleachta le tacaíocht ó bhall foirne lánaimseartha atá ag obair san Aonad Iniúchta Inmheánaigh.

Tá sé i gceist ag an gCoiste Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i rith 2017, agus áireofar leis an athbhreithniú sin, inter alia, athbhreithniú ar leorgacht acmhainní trí thagairt do bhuiséad na Roinne.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

**Laigí i rialú maidir le híocaíochtaí an chláir Luathbhlianta Cúram Leanaí**

Tugadh mírialtachtaí (€500,000 ar an iomlán) faoi deara i mí na Nollag 2014 maidir leis an gClár Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal agus le Cúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE). Faigheann an Roinn tuarascálacha comhlíontachta ráithiúla ó Phobal ina leagtar amach torthaí na gcuairteanna comhlíontachta chuig soláthraithe seirbhíse. Taispeánann torthaí na dtuarascálacha comhlíontachta líon suntasach seirbhísí á measúnú mar chinn mhóra lenar bhain neamhchomhlíonadh e.g. saincheisteanna a bhfuil nó a bhféadfadh tionchar airgeadais diúltach a bheith acu don Státchiste agus/nó don tuismitheoir; agus/nó nach gcloíonn le ceanglais riaracháin áirithe den chlár.

Tugadh faoi deara i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh a rinneadh i mí Feabhra 2017 i dtaca le comhlíonadh le téarmaí agus coinníollacha an chláir CCS go raibh laigí i bhfeidhmiú na rialuithe don scéim sin. Chuir an Roinn roinnt athraithe i bhfeidhm nó tá sé i gceist aici roinnt athraithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a aithníodh. Ina measc sin tá siad seo a leanas:

- Comhaontaíodh clár comhlíontachta athbhreithnithe le Pobal agus tá sé i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2016. Tá tuairisciú comhlíontachta curtha i gcatagóirí anois faoi cheithre cheannteideal:
    - Neamhchomhlíontach go hollmhór – ag tabhairt torthaí le fios a bhféadfadh tionchar airgeadais diúltach a bheith acu don státchiste agus/nó don tuismitheoir;
    - Neamhchomhlíontach go mion (aicmithe roimhe seo mar neamhchomhlíontach go hollmhór) – ag tabhairt torthaí le fios nach gcloíonn le ceanglais riaracháin áirithe den chlár;
    - Comhlíontach – ag tabhairt le fios go bhfuiltear ag comhlíonadh rialacha an chláir bunaithe ar shampla taifead a hathbhreithníodh; agus
    - Comhlíontach le Comhairle Speisialta – ag tabhairt leibhéal ginearálta comhlíontachta le fios ach le comhairle ó Phobal chun dul i ngleic le saincheisteanna oibleagáide faoi leith a mheastar nach bhfuil chomh suntasach le cinn eile.

- I measc na bpríomhréimsí fócais le haghaidh timthriall comhlíontachta 2016/17 tá siad seo a leanas:
    - Fócas níos mó ar an gclár CCS, lena n-áirítear tiomantas chun tús áite a thabhairt d'athchuairteanna ar sheirbhísí áit a raibh éagsúlachtaí móra idir clárúcháin leanaí agus an líon a bhí ar an rolla agus/nó ag freastal ar na saoráidí a aithníodh i dtimthriall comhlíontachta 2015/16;
    - Iarrachtaí chun an leibhéal neamhchomhlíontachta a laghdú i seirbhísí ECCE maidir le híoscháilíochtaí foirne; agus
    - Tiomantas chun seirbhísí a dteipeann orthu taifid freastail san fhormáid a iarrann an Roinn Leanaí agus Daoine Óga a thuairisciú.

Tabharfaidh an Roinn tacaíocht bhreise do sheirbhísí cúram leanaí chun caighdeáin rialachais airgeadais níos láidre agus a bheidh feabhsaithe ar an iomlán a fhorbairt i dtimthriall chlár 2017/18.

Tá an Roinn sásta go neartóidh cur i bhfeidhm na nósanna imeachta rialaithe athbhreithnithe a bhfuil cuntas orthu thuas rialú maidir le híocaíochtaí cúram leanaí agus go laghdóidh siad an leibhéal neamhchomhlíontachta a aithníodh mar chuid de chlár comhlíontachta Phobal. Déanfar athbhreithniú arís ar an réimse sin.

Ar bhonn meántéarmach tá sé i gceist ag an Roinn freisin roinnt athraithe a dhéanamh ar a scéimeanna cúram leanaí mar seo a leanas:

- Tá an Roinn ag forbairt Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne a thiocfaidh in áit na scéimeanna fóirdheontas reatha atá dírithe ar chúram leanaí agus a chruthóidh scéim sruthlínithe aonair atá ceaptha le socruithe rialachais agus rialaithe iomchuí.
- Tá an Roinn ag déanamh athbhreithniú oibríochta Luathbhlianta freisin a thabharfaidh deis machnamh a dhéanamh ar an tsamhail oibríochta optamach i dtéarmaí na seirbhísí luathbhlianta a chuirfear ar fáil agus conas a chuirfear ar fáil iad, conas a mhaoineofar agus a riarfar iad agus éifeachtacht na struchtúr rialachais agus cuntasachta.

**Mionairgead**

Aithníodh in iniúchadh 2015 de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laigí i rialuithe na Roinne maidir le mionairgead. Cuireadh rialuithe inmheánacha athbhreithnithe i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2016. Rinneadh dhá athbhreithniú ar leithligh in Iniúchadh Inmheánach i rith 2017. Áiríodh in athbhreithniú amháin measúnú ar leorgacht na rialuithe reatha maidir le mionairgead. Áiríodh leis an athbhreithniú eile scrúdú ar na taifid don tréimhse ó 2011 go 2015 agus tugadh suim €18,902 faoi deara nach féidir cuntas a thabhairt air. Ina theannta sin, tugadh faoi deara san Iniúchadh Inmheánach nach mba leor na doiciméid thacaíochta le haghaidh cuid de na haistarraingtí taifeadta.

Tá iarmhéid an mhionairgid a taifeadadh sa chuntas coigeartaithe chun léiriú a thabhairt ar an iarmhéid sa lámh agus tá an méid neamhréitithe de €18,902 aistrithe chuig Cuntas Fionraí ag feitheamh ar na himscrúduithe san Iniúchadh Inmheánach a chur i gcrích.

***Rialuithe inmheánacha a fheabhsú***

Bhí sé de bhuntáiste agam go bhfuair mé comhairle ó choiste iniúchta inmheánaigh na Roinne ar bhonn leanúnach i dtaca le rialuithe inmheánacha. Tá an chomhairle leagtha amach i dtuarascálacha an choiste agus tugann sí bunús le haghaidh feabhsuithe leanúnacha. Rinneadh feabhsuithe leanúnacha ar rialuithe airgeadais inmheánacha nó tá siad ag dul ar aghaidh, lena n-áirítear:

- I rith 2016 rinne Rannán Rialachais agus Feidhmíochta na Roinne sainiú agus feabhas breise ar an gcóras monatóireachta feidhmíochta in Tusla i gcomhar le comhghleacaithe ón nGníomhaireacht. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an modheolaíocht seo in 2017.
- Foilsíodh Creat Rialachais Chorparáidigh ina ndéantar cur síos ar phríomhshonraí ár bpróisis rialachais i rith 2016. Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus éiteas trína gcinntítear iompar le hionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla, agus urraim do riail an dlí.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

19 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal cuntasaíochta caighdeánach do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um an Státchiste agus Rannóga Iniúchta 1866, tá sé d'iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach cistí agus réadmhaoine poiblí atá faoina smacht, as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin ina Roinn féin agus as rialtacht agus cuíúlacht gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá sé d'iachall orm faoi Alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus a leithéid de thástálacha a chur i gcrích is a mheasaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Ar chríochnú iniúchadh cuntais leithreasa dom, tá sé de dhualgas orm deimhniú a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, dar liom, go gcuireann an cuntas i láthair go cuí na fáltais is an caiteachas sin a bhaineann leis an Vóta. Tá sé d'iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha

- mar ar theip ar roinn nó oifig caiteachas atá taifeadta sa chuntas a chur i bhfeidhm do na cuspóirí sin dá raibh an leithghabháil a rinneadh ag an Oireachtas i gceist, nó
- mar nach réitíonn na hidirbhearta atá taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil sé airbheartaithe gur cuireadh i gcrích faoi iad.

Faoi Alt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá sé d'iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí na gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu a mbeadh caimiléireacht nó mírialtacht nó earráid i gceist leis. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á déanamh agam, déantar measúnú ar leorgacht iomlán chur i láthair an eolais sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach chun cuspóirí m'iniúchta. Is í mo thuairim gur coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2017

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Foráil mheasta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh | | | | |
| | Soláthar don bhliain reatha | 701,913 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 3,500 | | | |
| | | | 705,413 | 704,592 | 694,611 |
| B | Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga | | 410,591 | 366,637 | 319,545 |
| C | Clár Polasaithe agus Reachtaíochta | | 25,972 | 17,199 | 15,217 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | Soláthar don bhliain reatha | 1,138,476 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 3,500 | | | |
| | | | **1,141,976** | **1,088,428** | **1,029,373** |
| | *Asbhain* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | | | **25,450** | **22,007** | **24,598** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | Soláthar don bhliain reatha | 1,113,026 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 3,500 | | | |
| | | | **1,116,526** | **1,066,421** | **1,004,775** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a sholáthraítear maidir leis an nglanmhéid atá i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 d'Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí go léir gan chaitheamh nó cuid díobh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh le caitheamh an bhliain dar gcionn.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 50,105,001 | 10,235,519 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,640,000) | (3,500,000) |
| Barrachas le géilleadh | 48,465,001 | 6,735,519 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Foráil mheasta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 10,669 | 9,361 | 8,709 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 182 | 112 | 109 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 441 | 288 | 217 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 142 | 112 | 124 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 249 | 188 | 198 |
| vi | Costais áitribh oifige | 403 | 528 | 377 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus polasaithe | 212 | 69 | 161 |
| | | 12,298 | 10,658 | 9,895 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 1,077,770 | 1,019,478 |
| Pá | | 9,361 | 8,709 |
| Neamhphá | | 1,297 | 1,186 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,088,428** | **1,029,373** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **22,007** | **24,598** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,066,421** | **1,004,775** |
| | | | |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ó cheannacháin | (1,348) | | |
| Dímheas | 1,181 | | |
| | | (167) | (10,692) |
| | | | |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2,683) | | |
| Méadú ar stoc | (5) | | |
| | | (2,688) | (3,520) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,063,566** | **990,563** |
| | | | |
| **Caiteachas iompartha áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhaontaithe (nóta 1.1) | | 2,663 | 2,792 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,066,229** | **993,355** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhaontaithe

Cuimsítear i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhaontaithe na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 40 a chaitear in áit éigin eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Ar Scor | m | 342 | 279 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 2,242 | 2,459 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte | m | 49 | 24 |
| | | 2,663 | 2,792 |

tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas leithreasa é an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **56,457** | **55,172** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 2.3 | 744 | 5,062 |
| Stoic | 2.4 | 49 | 44 |
| Réamhíocaíochtaí | | 8,545 | 5,866 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 2 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 712 | 238 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **10,050** | **11,212** |
| **Lúide fiachais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 399 | 405 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 122 | 1,731 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 1,334 | 3,569 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,855** | **5,705** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **8,195** | **5,507** |
| **Glansócmhainní** | | **64,652** | **60,679** |
| **Arna ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.1 | **64,652** | **60,679** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe an Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2016 €000** | **2015 €000** |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir** | | | 60,679 | 46,467 |
| Coigeartú (féach nóta 2.2) | 2.2 | | 1,118 | — |
| Aisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Foráil mheasta | Cuntas | 1,116,526 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,640) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (48,465) | | |
| Glan-vóta | | | 1,066,421 | 1,004,775 |
| Caiteachas (airgead tirim) a caitheadh in áit éigin eile | 1 | | 2,663 | 2,792 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,066,229) | (993,355) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **64,652** | **60,679** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Sócmhainní caipitil i mbun forbartha | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus fearais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní comhlána** | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2016 | 55,063 | — | 714 | 575 | 56,352 |
| Coigeartú [1] | 1,118 | — | — | — | 1,118 |
| Breiseanna | — | 1,233 | 33 | 82 | 1,348 |
| Diúscairtí | — | — | — | (7) | (7) |
| Aistrithe ó shócmhainní i mbun forbartha | (56,181) | 56,181 | — | — | — |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2016 | — | 57,414 | 747 | 650 | 58,811 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2016 | — | — | 654 | 526 | 1,180 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,126 | 30 | 25 | 1,181 |
| Diúscairtí | — | — | — | (7) | (7) |
| Dímheas carntha an 31 Nollaig 2016 | — | 1,126 | 684 | 544 | 2,354 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2016** | **—** | **56,288** | **63** | **106** | **56,457** |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2015** | **55,063** | **—** | **60** | **49** | **55,172** |

[1] Léiríonn an coigeartú ar an iarmhéid tosaigh íocaíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí in 2012 a fágadh ar lár trí dhearmad ó shócmhainní Caipitil á bhforbairt.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 731 | 5,023 |
| Iarmhéideanna i mbainc thráchtála | 13 | 39 |
| | 744 | 5,062 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 29 | 25 |
| Tomhaltáin TF | 20 | 19 |
| | 49 | 44 |

| **2.5 Iarmhéideanna dochair eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le OPW | 654 | 213 |
| Caiteachas a gheofar ar ais ón scéim saorthaistil | 34 | 5 |
| Tuarastail a gheofar ar ais | 17 | — |
| Míreanna fionraí dochair eile | 7 | 20 |
| | 712 | 238 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 29 | 25 |
| Cáin Bhreisluacha | 18 | 4 |
| Pinsin | 2 | 2 |
| | 49 | 31 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 73 | 1,700 |
| | 122 | 1,731 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 48,465 | 6,736 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,640 | 3,500 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (48,771) | (6,667) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,334 | 3,569 |
| **Arna ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe:** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 744 | 5,062 |
| Iarmhéideanna dochair | 712 | 238 |
| | 1,456 | 5,300 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (49) | (31) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (73) | (1,700) |
| | (122) | (1,731) |
| | 1,334 | 3,569 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 12,403 | 12,985 |
| Cláir deontais | 24 | 3,094 |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | 12,427 | 16,079 |

| **b) Cláir Deontais Chaipitil** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | — | — |
| Deontas a íocadh sa bhliain | (8,729) | 8,963 |
| Ceangaltais nua deontais | 8,729 | 8,963 |
| Aisghlámadh deontais | — | — |
| Iarmhéid deiridh | — | — |

**c) Mórcheangaltais Chaipitil**

(tionscadail a chosain €6,350,000 nó níos mó)

| | **Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2015** | **Caiteachas in 2016** | **Ceangaltais thionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Saolré caiteachais iomlán ionchais an tionscadail 2016** | **Saolré caiteachais iomlán ionchais an tionscadail 2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| An tSaoráid Náisiúnta Coinneála do Leanaí | 53,100 | 1,233 | 2,107 | 56,440 | 56,440 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Focheannteidil

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Foráil mheasta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 2,881 | 2,448 | 2,340 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 439 | 279 | 238 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | | |
| | | Soláthar don bhliain reatha | 676,042 | | | |
| | | Géilleadh iarchurtha | 2,500 | | | |
| | | | | 678,542 | 678,996 | 662,690 |
| A.4 | Ceartas Óige – Scoileanna Coinneála do Leanaí | | | | | |
| | | Soláthar don bhliain reatha | 22,551 | | | |
| | | Géilleadh iarchurtha | 1,000 | | | |
| | | | | 23,551 | 22,869 | 29,343 |
| | | | | **705,413** | **704,592** | **694,611** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an toradh deiridh maidir le Clár A €0.821 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh. Sa chuid deiridh de 2016, agus bunaithe ar anailís ar chaiteachas foriomlán agus ar threochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn le cead roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe coigilteas idir cistí ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Riarachán – neamhphá | 160 | Tháinig an éagsúlacht sin chun cinn i ngeall ar chostais riaracháin neamhphá a bhaineann leis an Roinn a reáchtáil, go háirithe i dtaca le taisteal agus cothabháil, oiliúint agus forbairt agus tionscadail chomhairleoireachta, a bheith níos ísle mar a bhíothas ag súil leo a bheith. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Foráil mheasta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Cláir Earnála do Leanaí agus Daoine Óga** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 2,881 | 2,581 | 2,420 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 439 | 286 | 220 |
| B.3 | Clár réamhscoile ECCE | 233,000 | 223,751 | 177,082 |
| B.4 | Cláir ghinearálta um chúram leanaí | 102,759 | 74,755 | 78,399 |
| B.5 | Tionscnaimh chúram leanaí (teoranta airgid) | 8,363 | 6,462 | 5,780 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 54,895 | 53,607 | 51,485 |
| B.7 | Clár luathóige bunaithe sa cheantar | 3,650 | 3,650 | 3,400 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus do dhaoine óga (Maoinithe ag na cuntais díomhaoine) | 4,604 | 1,545 | 759 |
| | | **410,591** | **366,637** | **319,545** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an toradh deiridh maidir le Clár B €43.954 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh. Sa chuid deiridh de 2016, agus bunaithe ar anailís ar chaiteachas foriomlán agus ar threochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn le cead roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe coigilteas idir cistí ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Riarachán – neamhphá | 153 | Tháinig an éagsúlacht sin chun cinn i ngeall ar chostais riaracháin neamhphá a bhaineann leis an Roinn a reáchtáil, go háirithe i dtaca le taisteal agus cothabháil, oiliúint agus forbairt agus tionscadail chomhairleoireachta, a bheith níos ísle mar a bhíothas ag súil leo a bheith. |
| Clár réamhscoile ECCE | 9,249 | Leasaíodh critéir cháilitheachta na scéime ECCE i mí Mheán Fómhair 2016. Mar thoradh air sin íslíodh an aois iontrála. Ina theannta sin tugadh isteach dara bliain mar aon le méaduithe ar leibhéil chaipitíochta. D'fhág an meascán athraithe sin go rabhthas ag súil le méadú ar chaiteachas. Léirítear an méadú sin sa toradh agus cé gur deacair é a réamh-mheas go hiomlán tugtar faoi deara go raibh athrú ann ón soláthar measta. |
| Cláir ghinearálta um chúram leanaí | 28,004 | Bhain formhór na gcoigilteas le rannpháirtíocht tuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste sa chlár Fóirdheontas Pobal ag brath ar éileamh a bhí i bhfad níos ísle ná mar a ceapadh a bheadh sé. Bhí áit do 33,000 ar an gclár agus níor baineadh leas ach as 23,418 áit. Rinneadh coigilteas freisin faoin gclár Tacaíochta Oiliúna Oideachais i gCúram Leanaí a thugann tacaíochtaí do thuismitheoirí incháilithe a bhíonn i mbun cúrsaí oiliúna ETB/Solas. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tionscnaimh chúram leanaí (teoranta airgid) | 1,901 | Tháinig an t-athrú chun cinn mar gheall go raibh líon na ndaoine a bhí ag fáil leas sóisialach le dhul isteach sa Chlár Cúram Leanaí Iarscoile agus sa Chlár Fostaíochta Pobail do Chúram Leanaí níos ísle ná mar a measadh ar dtús. |
| Cláir idirghabhála do leanaí agus do dhaoine óga (maoinithe ag na Cuntais Díomhaoine) | 3,059 | Is é an phríomhchúis a bhí leis an gcoigilteas ná mar gheall ar mhoill a bhain leis an Tionscnamh um Thógáil Cáilíochta agus Cumais (QCBI) a chur i gcrích. Is tionscnamh uaillmhianach é an QCBI lena chinntiú go ndéantar an fhoghlaim ón gcéad Tionscnamh Óige Limistéar-Bhunaithe agus cláir eile den chineál céanna a phríomhshruthú agus réimsí soláthar seirbhíse agus polasaithe a dhéanamh díobh. Bhí cur chuige níos straitéisí, níos córasaí agus difreáilte lena mbainfeadh comhairliúchán suntasach thar raon soláthraithe seirbhíse agus déantóirí polasaithe ag teastáil agus thóg sé sin níos faide ná mar a ceapadh le cur i gcrích i rith 2016. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Foráil mheasta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Clár Polasaithe agus Reachtaíochta** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 4,907 | 4,332 | 3,949 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 751 | 732 | 728 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | 889 | — | 15 |
| C.4 | An Staidéar Fadaimseartha ar Leanaí agus cláir thaighde eile | 3,283 | 1,470 | 1,814 |
| C.5 | Creat polasaithe do leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 4,660 | 3,146 | 2,238 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | 3,328 | 3,401 | 3,147 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2,154 | 1,800 | 1,650 |
| C.8 | Coimisiún Imscrúdúcháin | 6,000 | 2,318 | 1,676 |
| | | **25,972** | **17,199** | **15,217** |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí dlí agus socrúcháin ilghnéitheacha | 889 | Is deacair aisíocaíocht íocaíochtaí a bhaineann le himeachtaí dlí a réamh-mheas de ghnáth. Níor tháinig aon chostais chun cinn a bhain le dúshlán an Reifrinn do Leanaí in 2016. |
| An Staidéar Fadaimseartha ar Leanaí agus cláir thaighde eile | 1,813 | Áiríodh leis an meastachán foráil i gcomhair íocaíochta €3.283 milliún in 2016 maidir leis an staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn. Bhí dul chun cinn ar an staidéar níos moille ná mar a ceapadh i rith 2016 agus ba ionann na híocaíochtaí agus €1.313 milliún. |
| Creat polasaithe do leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 1,514 | Tacaíonn an focheannteideal seo le raon clár áit a raibh an méid caiteachais chun roinnt seirbhísí a sholáthar níos ísle ná mar a bhí measta. Tháinig an coigilteas ba mhó chun cinn ón Tionscnamh Tús Áite do Leanaí (€300,000), Coistí Seirbhíse do Leanaí agus Daoine Óga (€200,000), Ríomhfhoghlaim Tusla (€80,000). Anuas air sin, bhí €875,000 nár leithdháileadh in aon chor agus tugadh ar ais don státchiste é. |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 354 | Bhí an éagsúlacht ann go príomha mar gheall ar mhoill le hearcaíocht foirne. |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 3.682 | Bhí an Coimisiún Imscrúdúcháin in Árais Máithreacha agus Naíonán fós sna céimeanna tosaigh tar éis a bhunaithe in 2015. Cuireadh obair an Choimisiúin chun cinn in 2016 ach bhí leibhéil chaiteachais níos ísle ná mar a ceapadh. |

# 4 Fháltas

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 9,070 | 8,723 | 9,182 |
| 2. | Scéim aoisliúntais le haghaidh foireann neamhtheagaisc na Scoileanna Coinneála do Leanaí | 550 | 536 | 556 |
| 3. | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 4. | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | — | — |
| 5. | Ilghnéitheach | 874 | 974 | 1,034 |
| 6. | Maoiniú na gcuntas díomhaoin | 4,604 | 1,545 | 759 |
| 7. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 10,349 | 10,229 | 13,067 |
| | **Iomlán** | **25,450** | **22,007** | **24,598** |

**Míniú ar na héagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach focheannteidil áit a raibh difríocht idir an toradh agus an tsuim a bhí measta de bhreis is €100,000, agus níos mó ná 5%.

| **Cur Síos** | **Lúide/(níos mó) ná mar a measadh**<br><br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (100) | Baineann an leithdháileadh den chuid is mó le fáltais ilghnéitheacha i gcomhair leithreasa-i-gcabhair. Leagadh síos an leithdháileadh ag tagairt do na leibhéil a bhí i bhfeidhm i Vóta FSS ar bhunú Tusla in 2014. Tá difríocht sna fáltais agus dá bharr sin is deacair meastachán iomlán a thabhairt ar an leibhéal ionchais in aon bhliain faoi leith. |
| Maoiniú na gCuntas Díomhaoin | 3,059 | Tá an maoiniú íostarraingthe nasctha le híocaíochtaí faoi Fhocheannteideal B.8 Cláir idirghabhála do leanaí agus do dhaoine óga (maoinithe ag na Cuntais Díomhaoine). Bhí an caiteachas faoin bhfocheannteideal sin níos ísle ná mar a bhí súil leis agus bhí fáltais níos ísle dá bharr. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

Lóisteáladh suim €2.419 milliún sa Státchiste ag éirí ó dhídhílsiú cistí a leithdháileadh do thionscadail thar roinnt clár arna riar ag Pobal, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) agus na Boird Oideachais agus Oiliúna thar ceann na Roinne sna blianta roimh 2016.

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais | 2,419 | 11,053 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (2,419) | (11,053) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | — | — |

# 5 Líon agus Pá Fostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| Roinn | 178 | 149 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 22 | 16 |
| Gníomhaireachtaí (nóta 5.2) | 3,882 | 3,694 |
| | **4,082** | **3,859** |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 9,926 | 9,044 |
| Liúntas do dhualgas níos airde, speisialta nó breise | 101 | 125 |
| Liúntais eile | — | 1 |
| Ragobair | 31 | 31 |
| ÁSPC Fostóirí | 622 | 530 |
| **Pá iomlán** | **10,680** | **9,731** |

Cuireadh costais phárolla a bhain leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin chun dochair Fhocheannteideal C.8 den Vóta. Ba ionann é sin agus €1.32 milliún in 2016 agus tá sé áirithe san fhigiúr le haghaidh pá iomlán de €10.68 milliún.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair uasta | Íocaíocht aonair uasta |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó breise | 15 | 3 | 17,949 | 18,639 |
| Liúntais eile | 4 | — | 112 | 234 |
| Ragobair | 20 | — | 7,197 | 8,372 |
| Luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin | 4 | 1 | 10,130 | 10,961 |

Baineann pá, liúntais agus luach saothair eile atá mionsonraithe thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach ón mbuiséad riaracháin faoi chláir A, B agus C den Vóta.

### 5.2 Foireann na Gníomhaireachta

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é an caiteachas pá ar ghníomhaireachtaí agus dá bhrí sin ní bhíonn faisnéis mhionsonraithe maidir le pá agus liúntais ag an Roinn maidir le foireann gníomhaireachta de ghnáth. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/tuarascálacha bliantúla nó díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 3,597 | 3,446 |
| Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh do Leanaí | 247 | 215 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 24 | 22 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 14 | 11 |
| **Iomlán** | **3,882** | **3,694** |

| **Pá** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 239,081 | 225,935 |
| Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh do Leanaí | 18,490 | 13,635 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,583 | 1,558 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 826 | 632 |
| **Pá iomlán** | **259,980** | **241,760** |

### 5.3 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí párolla maidir le foireann na Roinne agus an Choimisiúin Imscrúdúcháin ag deireadh na bliana agus €19,522 (17 gcás) (2015: €16,709, 7 gcás). Astu sin, €14,762 tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm (4 chás). Baineann an 13 chás eile le foireann a bhfuil an Roinn fágtha acu agus is faoin Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá sé na ró-íocaíochtaí a fháil ar ais anois.

### 5.4 Scaoilíocaíochtaí agus Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí arbh ionann iad agus €142,000 le 5 ball foirne a bhí fostaithe roimhe sin mar fhoireann Aireachta.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Focheannteideal** | **Cur Síos** | | |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 53,592 | 51,485 |

Tá sonraí a bhaineann le faighteoirí aonair an mhaoinithe agus na suimeanna a íocadh amach ar fáil ón Aonad Gnóthaí Óige den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag feitheamh ar fhoilsiú na faisnéise ar shuíomh gréasáin na Roinne.

### 6.2 Íocaíochtaí le Pobal

De réir bheartas cuntasaíochta na Roinne, cuireadh an méid iomlán a íocadh le Pobal sa bhliain (€223 milliún) chun dochair na bhfocheannteideal ábhartha mar atá leagtha amach thíos.

Ar an 31 Nollaig 2016, bhí cistí €8.167 milliún ar an iomlán i seilbh Phobal a bhí tugtha dó ach nach raibh caite ag deireadh na bliana (2015: €7.132 milliún).

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Focheannteideal** | | | |
| B.3 | Clár réamhscoile ECCE | 126,906 | 8,891 |
| B.4 | Cláir ghinearálta um chúram leanaí | 73,646 | 77,992 |
| B.5 | Tionscnaimh chúram leanaí (teoranta airgid) | 6,462 | 5,779 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 10,276 | 10,299 |
| B.7 | Clár luathóige bunaithe sa cheantar | 3,650 | 3,400 |
| B.8 | Clár idirghabhála do leanaí agus do dhaoine óga (Maoinithe ag na cuntais díomhaoine) | 1,030 | — |
| C.5 | Creat polasaithe do leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 640 | 608 |
| | Iomlán íoctha le Pobal | 222,610 | 106,969 |

B7 – I dteannta an €3.65 milliún a cuireadh ar aghaidh chuig Pobal ón Roinn, cuireadh €6 mhilliún eile ar aghaidh ó Atlantic Philanthropies i dtaca leis an gclár céanna. Bhí iarmhéid gan chaitheamh de €2.8 milliún i seilbh Phobal an 31 Nollaig 2016.

**6.3 Costais dlí**

| | Líon na gcásanna | Costais dlí arna n-íoc ag an Roinn | Cúiteamh a bronnadh | Costais dlí a bronnadh | 2016 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobháil i rith na hoibre | 16 | 31 | 110 | 35 | 176 | 53 |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | | | | | | |
| Imeachtaí Cúram Leanaí | — | — | — | — | — | 15 |
| Agóid dhlíthiúil | 2 | — | — | 72 | 72 | 84 |
| Éileamh díobhála pearsanta | 1 | — | — | — | — | — |
| | 19 | 31 | 110 | 107 | 248 | 152 |

**6.4 Dliteanas Teagmhasach**

Tiocfaidh dliteanais chun cinn mar gheall ar an agóid dhlíthiúil i dtaca le toradh an Reifrinn do Leanaí. Bhronn an Ard-Chúirt aon trian dá costais dlí ar an achainíoch i mí na Samhna 2013 ach tá an méid iarbhír agus uainiú na híocaíochta fós le socrú. Tá an Roinn ag feitheamh i láthair na huaire ar scéala ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit maidir leis an gcás.

**6.5 Coimisiún Imscrúdúcháin**

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdaithe faoi Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Gaolmhara Áirithe an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um an Coimisiún Imscrúdaithe (faoi Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Gaolmhara Áirithe, 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015).

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2016 | Aschur 2016 | Aschur 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Coimisiúin Téarma Sheasta agus Sainchuspóireacha** | | | | |
| C.8 Coimisiún Imscrúdúcháin - Árais Máithreacha agus Naíonán | **2015** | **3,994** | **2,318** | **1,676** |

**6.6 Maoiniú a Thabhairt Anonn**

Faoi fhoráil Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €1.64 milliún de leithdháileadh gan chaitheamh maidir le gnéithe caipitil de Fhocheannteideal B.4 ar aghaidh go 2017.